


COMHAD FÍRICÍ: DRÁMAÍOCHT GCSE

Comhpháirteanna 1 & 2



Dearthóir Seit agus Stiúrtóir Ealaíne

Comhpháirt 1 – Taibhiú Ceaptha

Le linn an phróisis den dearadh seit agat a chruthú, a fhorbairt agus a fhíorú, ba chóir duit comhad fianaise a chur le chéile ar féidir é a úsáid i do láithreoireacht leis an tseit deiridh a thionlacan. An doiciméad seo, cuimsíonn sé an cineál fianaise ar chóir duit í a chur isteach ann.

Torthaí Foghlama

Smaointe a Chruthú

Ba chóir go mbeadh daltaí deartha ábalta smaointe a chruthú trí thaighde a dhéanamh ar na rudaí seo a leanas:

- an t-ábhar réamheisiúna;
- an cleachtas gairmiúil a bhaineann le seit a chruthú;
- na hábhair agus na hacmhainní a bhaineann le smaointe maidir le seit a fhorbairt;
- réimse seánraí, stíleanna deartha agus cleachtóirí.

An tÁbhar Réamheisiúna

Mar dhalta dearadh seit, beidh tú ag obair le grúpa a bhfuil idir beirt agus seisear ann le haon spreagthach a roghnú ó réimse de 3 cinn le do thaibhiú ceaptha a fhorbairt. I ndiaidh taighde a dhéanamh ar an spreagthach roghnaithe, tosóidh tú a obair ar na smaointe a fhorbairt maidir le seit don taibhiú ceaptha grúpa. B'fhéidir go dtógfadh sé roinnt ama ar do ghrúpa cinneadh a dhéanamh ar thaibhiú ar leith, mar sin de, tá sé thar a bheith tábhachtach bheith foighdeach agus cur leis an phlé a mbeidh an toradh deiridh ag teacht as. Ag an chéim seo, tá sé rithábachtach go bhfuil taighde déanta agat ar smaointe maidir le dearadh seit ionas go dtabharfaidh an t-inchur don ghrúpa scóip duit do dhearadh deiridh seit a fhorbairt.

Cad é an rud é Dearadh Seit?

Duine ar bith a d'amharc ar dhráma riamh, is dócha gur thug siad an cúlra faoi deara ag pointe éigin le linn an taibhithe. Is gnách go gcuireann an suíomh sa chúl i ndráma mothú áirithe air a fhágann go bhfuil an aisteoireacht inchreidte agus go gcuireann sé leis an scéal.

Dearadh seit, ar a dtugtar dearadh radhairc in amanna, tagraíonn sé do dhearadh agus do chruthú na seiteanna a úsáidtear i ndráma ar an stáitse.

Is é an phríomhfheidhm atá le seit ná roinnt comhthéacs a chur ar fáil don lucht féachana don dráma ach chomh maith leis sin, is féidir leis bheith ina dheis don dearthóir rud éigin corraitheach úrnua a chruthú leis an lucht féachana a tharraingt isteach. Is den tábhacht don dearthóir tosú leis na smaointe a chum an drámadóir féin ach ansin, smaoineamh go nuálaíoch trí dhóigheanna cruthaitheacha a aimsiú le cuidiú leis an scéal a insint agus, go díreach, le brí a chur in iúl don lucht féachana.

Mar dhearthóir seit don taibhiú cheaptha, is cuid den fhoireann thú. Ní hamháin go bhfuil ort coincheap a chruthú atá ag teacht le haisling an stiúrtóra ach beidh ort cinneadh a dhéanamh maidir leis an dóigh a ndéanfar é a thógáil, a phéinteáil agus a mhaisiú. Is í freagracht an dearthóra seit í an chuma atá ar an stáitse ina iomláine agus is féidir léi bheith chomh spéisiúil agus a dtig le do shamhlaíocht agus do chruthaitheacht í a dhéanamh. I ndeireadh na dála, ba chóir go gcuirfeadh do sheit stáitse go suntasach le héifeachtúlacht an taibhithe cheaptha agus le rath foriomlán an léiriúcháin.

Le níos mó a fhoghlaim maidir le cuid de na nóiméid, na gluaiseachtaí agus na healaíontóirí ba thábhachtaí i stair na hamharclannaíochta, úsáid do bhrabhsálaí gréasáin le taighde a dhéanamh orthu seo:

- Amharclannaíocht Chlasaiceach na Gréige
- Amharclannaíocht na Meánaoise
- Amharclannaíocht na Seapáine
- *Teatro Olimpico*
- *The Globe Theatre*
- Amharclann an Chaisleáin, Český Krumlov
- Amharclann Phálas Drottningholm
- Radharcra Amharclainne le Peirspictíocht
- *Inigo Jones*
- *Adolphe Appia*
- *Edward Gordon Craig*
- Barócach
- *Bauhaus*
- Nua-aoiseachas
- Nuachlasaiceachas
- Nádúrachas
- Réalachas

Cad é a dhéanann dearthóirí seit?

Ní mór do dhearthóir seit tosú le treoir. Is é sin le rá, caithfidh an dearthóir seit a dhearadh do stáitse ar leith in amharclann ar leith. Dearthóirí a bhíonn ag obair in amharclanna traidisiúnta le forstua, thig leo a bheith iontach srianta sna dearáí acu mar go bhfuil siad teoranta do mhéid agus do chruth an stáitse. B'fhéidir go mbeadh siad srianta mar gheall ar an bhuiséad agus an gá seit comhúsáide a chruthú a úsáidfear tríd an dráma ar fad le roinnt athruithe cliste le hathruithe san am nó san áit a chur in iúl. B'fhéidir go mbeadh seiteanna inbhogtha fosta. Dearthóirí atá ag obair in amharclanna níos nua-aimseartha a bhfuil stáitsí níos oscailte iontu, b'fhéidir go mbeadh níos lú srianta orthu agus b'fhéidir go mbeadh siad ábalta a gcuid seiteanna a 'eitilt' ar an stáitse ó thúr na spéireog os cionn an stáitse.

Is iondúil go dtosaíonn dearthóir seit an próiseas tríd an script a léamh, agus aird ar leith a thabhairt ar na suíomhanna agus ar chur síos ar an chúlra. Beidh seo ag tuar an chineál seiteanna a bheas de dhíth sa dearadh don dráma. Is cuid rithábhachtach d'obair an dearthóra seit é comhoibriú a dhéanamh le baill eile den fhoireann léiriúcháin. Is gnách go bpléifidh dearthóir seit na seiteanna leis an stiúrtóir d'fhonn suíomhanna a chruthú a chuideoidh le cuma agus mothú léiriúcháin a chruthú agus a fheabhsú. De ghnáth, beidh dearthóirí seit ag comhoibriú le teicneoirí soilsithe, le déantóirí agus tógálaithe fearas stáitse, chomh maith le daoine eile nach iad.

Is cuid thar a bheith tábhachtach é d'obair an dearthóra seit taighde a dhéanamh. Beidh taighde leitheadach de dhíth le leabhair, grianghraif, chomh maith le cuardaigh ar líne agus ar *YouTube* le seiteanna a chruthú do dhrámaí a scríobhadh i dtréimhsí ama difriúla. Bíonn taighde den chineál chéanna de dhíth ar sheiteanna comhaimseartha fosta, lena chinntiú go léirítear an suíomh go cruinn agus go ceart. I ndiaidh roinnt taighde

tosaigh a dhéanamh, is gnách go ndéanfaidh dearthóir seit roinnt sceitsí bunúsacha lena chuid smaointe a léiriú ar an chuma ba chóir a bheith ar an tseit. Agus é á dhéanamh, ní mór dó cloí le buiséad d'ábhair agus do chostais oibre sa phróiseas tógála. I ndiaidh do stiúrthóir na sceitsí a cheadú, is féidir na mionsonraí sainiúla a choigeartú le tomhais ionas gur féidir leis na tógálaithe plean tógála a leanúint. Ag an chéim seo, is gnách le dearthóir seit 'mionsamhail stáitse' a thógáil, arb ionann é agus macasamhail 3-thoiseach ar an mhionscála den bhunseit agus is minic a chuirtear carachtair bhréige isteach a bhfuil a scála ag teacht leis an tsamhail.

Is scileanna an-úsáideach iad scileanna líníochta agus cumarsáide do dhearthóir seit ionas go léireoidh an seit smaointe an stiúrthóra ach ligtear don dearthóir a acmhainn chruthaitheach a úsáid le seiteanna úrnua a dhearadh, taobh istigh den bhuiséad, le mionsonraí a chuireann le fírinneacht an dráma agus a chuireann rún agus brí an drámadóra in iúl don lucht féachana.

Riachtanais do dhaltaí Dearadh Seit Chomhpháirt 1

CM1; Smaointe a chruthú agus a fhorbairt le brí a chur in iúl do thaibhiú amharclannaíochta;

Sa láithreoireacht 5 – 7 nóiméad acu, ní mór d'iarrthóirí dearadh seit:

- a gcoincheap deartha a mhíniú;
- achoimre a chur i láthair de thaighde ar an spreagthach réamheisiúna, tionchair ó stíleanna deartha agus cleachtas gairmiúil;
- smaointe tosaigh a phlé agus a mhíniú, le tagairt d'ábhair agus d'acmhainní, an dóigh ar cruthaíodh iad ón taighde isteach sa dearadh deiridh;
- an dóigh ar chuir an tairge deartha deiridh le héifeachtúlacht an taibhithe cheaptha a mhíniú; agus
- an dóigh ar chuir a seit deiridh stáitse brí in iúl sa taibhiú cheaptha a mhíniú.

Bainfear úsáid as an dearadh deiridh don taibhiú cheaptha agus déanfar iarrthóirí a mheasúnú ar chur in iúl brí do thaibhiú amharclannaíochta trína láithreoireacht agus tríd an tseit deiridh stáitse.

Comhpháirt 2 – Taibhiú Scriptithe

Le linn an phróisis den dearadh seit agat a chruthú, a fhorbairt agus a fhíorú, ba chóir duit comhad fianaise a chur le chéile ar féidir é a úsáid i do láithreoireacht leis an tseit deiridh a thionlacan. An doiciméad seo, cuimsíonn sé an cineál fianaise ar chóir duit í a chur isteach ann.

Torthaí Foghlama

Smaointe a Chruthú

Ba chóir go mbeadh daltaí deartha ábalta:

- réimse de scrípteanna dráma a fhiosrú agus script a roghnú atá fóirsteanach don fhoireann, ag tabhairt san áireamh a scileanna agus a mianta;
- taighde a dhéanamh ar chomhthéacs na scrípte, lena n-áirítear stíl agus seánra;
- taighde a dhéanamh ar réimse d'ábhair agus de threalamh cuí agus iad a fhiosrú; agus
- taighde a dhéanamh ar an chleachtas gairmiúil sa dearadh don taibhiú.

Réimse de scrípteanna dráma a fhiosrú agus script a roghnú atá fóirsteanach don fhoireann, ag tabhairt san áireamh a scileanna agus a mianta.

Le do ghrúpa, roghnóidh tú script fhoilsithe ó réimse scrípteanna. Ba chóir go mbeadh an script a roghnaítear fóirsteanach do líon na n-aisteoirí agus ba chóir go dtabharfadh sí deis duitse, mar dhearthóir seit, plean seit a chruthú a chuirfidh ar do chumas critéir mheasúnaithe na comhpháirte a chomhlíonadh. Is den tábhacht go mbeadh gach gné den script pléite ina hiomláine lena chinntiú go bhfuil an rogha cheart ann do gach duine. Is dócha go mbeidh codarsnacht idir do script roghnaithe agus do thaibhiú ceaptha maidir le stíl agus seánra, agus má lean tú conair dearadh seit don cheann cheaptha, beidh deis agat anseo do scileanna a fhorbairt i dtreo eile. Más é seo an chéad iarracht ar sheit a dhearadh agat, cinntigh go gcuirfidh an script ar do chumas do chuid scileanna a thaispeáint.

Taighde

Comhthéacs, stíl agus seánra

An comhthéacs do script, baineann sé leis na fíricí nó na tosca a bhaineann le dráma. Is den tábhacht go ndéanfadh an stiúrthóir, na haisteoirí agus na dearthóirí taighde ar an chomhthéacs agus go dtuigfeadh siad é. Go ginearálta, sainmhínítear an comhthéacs i dtéarmaí chúlra sóisialta, cultúrtha agus stairiúil an dráma.

Comhthéacs Sóisialta

Tá an comhthéacs sóisialta nasctha leis an tréimhse ama ar scríobhadh dráma ann agus go ginearálta, sainmhíononn sé na carachtair mar den lucht oibre, den mheánaicme nó den usaicme. Tosca seachtracha a imríonn tionchar ar an dráma, is cuid iadsan den chomhthéacs shóisialta fosta agus is féidir tosca ar nós cogadh, corraíl shóisialta nó tosca maireachtála an ama a bheith san áireamh leo.

Comhthéacs Cultúrtha

Comhthéacs cultúrtha, baineann sé leis an dóigh a dtig le luachanna agus dearchtaí na tréimhse dul i bhfeidhm ar na rudaí a dhéanann carachtair sa dráma. Is féidir le bunús eitneach na gcarachtar tionchar a bheith acu fosta ar an dóigh a labhraíonn siad agus ar na rudaí a dhéanann siad agus ar fhorbairt an phlota. Is féidir le comhthéacs cultúrtha a bheith i gceist le patrúnacht ríoga a bheith ag dráma nó tionchair an oideachais chuimsithigh.

Comhthéacs Stairiúil

Is é an comhthéacs stairiúil an cúlra don tréimhse ama a bhfuil an dráma suite ann agus tagraíonn sé don atmaisféar polaitíochta a dtig leis dul i bhfeidhm ar na carachtair agus ar an phlota chomh maith le tionchar d'fhíoreachtraí stairiúla.

Stíl

Is féidir stíl a shainmhíniú mar an dóigh a ndéantar an dráma a thaibhiú agus a chur in iúl don lucht féachana agus is féidir smaointe a bheith ann ar nós áibhéil, ardfhuinnimh agus fisicithe. Is féidir stíl a shainmhíniú fosta trí thagairt a dhéanamh do chleachtóirí, mar shampla, *Berthold Brecht*, *Constantine Stanislavski* agus *Stephen Berkoff*. Sampla maith de stíl na hAmharclannaíochta Corportha ná saothair an chompántais áitiúil amharclannaíochta, *Bruiser*.

Seánra

Tá seánra ag tagairt don chatagóir nó don chineál amharclannaíochta atá á chur i láthair. Ní féidir dráma a shainmhíniú i gcónaí mar sheánra sainiúil amháin ach go ginearálta, tá sé bunaithe ar choiméide agus/nó ar thraigéide agus forbraítear é faoi cheann amháin de na ceannteidil leathana sin. D'fhorbair 'Nádúrachas' mar sheánra d'aisteoireacht inchreidte suite in áit nádúrtha agus ba fhrithghníomh díreach é in éadan méaldrámaí na Vichteoireach, ach tá réalachas ag tagairt do 'shlisín den bheatha' agus seans nach mbeadh ach seit teoranta nó seit ar bith de dhíth ar an aisteoireacht réalaíoch. Tugtar seánra 'neamhnadúraíoch' air seo anois.

Gníomhaíocht Foghlama

I ndiaidh don ghrúpa agat an script a roghnú don taibhiú, smaoinigh ar na rudaí seo a leanas:

- comhthéacs sóisialta, cultúrtha agus stairiúil na scripte;
- stíl agus seánra na scripte; agus
- an dóigh a rachaidh an comhthéacs, stíl agus seánra i bhfeidhm ar do dhearáí.

Cuir tús leis trí roinnt dearáí tosaigh a tharraingt a dtig leat iad a phlé leis an ghrúpa agus nótaí a dhéanamh de réir mar a fhorbraíonn tú do chuid smaointe agus de réir mar a fheabhsaíonn tú do líniochtaí go dtí gur féidir leat tosú ar do mhionsamhail stáitse a thógáil.

A lán scrípteanna, beidh sainorduithe agus smaointe iontu maidir leis an tseit, scríofa ag an drámadóir. B'fhéidir nach mbeadh siad seo fóirsteanach don stáitse a bhfuil do ghrúpa ag taibhiú air agus ar ndóigh, beidh buiséad le tabhairt san áireamh, ach ní mór duit do dhearadh a thosú trí chloí le moltaí an drámadóra.

Ba chóir duit colláisi ábhar a fhorbairt ag an chéim seo lena dtaispeáint don stiúrthóir, do dhearthóirí eile (soilsiú agus feisteas) agus don phríomhphearsanra teicniúil agus lena phlé leo. Bí cinnte go marcálann tú tréimhsí stairiúla go soiléir (an bhuntréimhse, nó léirmhíniú nua ar shaothar clasaiceach) agus léirmhínithe físeacha a phlé le dearthóirí feistis agus soilsithe i bhfad sula dtosaíonn tú ar an tseit a thógáil.

Cruthóidh gach dearthóir seit mionsamhail 3-thoiseach de chineál éigin agus ar mhaithe le cuspóirí Drámaíochta GCSE, beidh ar an dalta:

- smaointe tosaigh do sheit an Taibhithe Scriptithe a sceitseáil;
- samhail ar an mhionscála a chruthú nó sceitsí/grianghraif a chur i láthair do sheit deiridh an Taibhithe scriptithe;
- úsáid ábhar, datha, crutha agus uigeacht a chur i bhfeidhm;
- brí a chur in iúl agus cuspóirí ealaíonta a fhíorú; agus
- an dearadh seit a chur i láthair i dtaibhiú do lucht féachana.

Le tuilleadh faisnéise maidir le dearadh seit do dhaltaí, tabhair cuairt ar;
<https://www.bbc.co.uk/education/guides/z39x34j/revision>

Mionsamhail Stáitse a Chruthú

Ba chóir gur léiriú leathbhuan atá tógtha go daingean, den spás taibhithe é mionsamhail de réir scála. Ba chóir úsáid a bhaint as bonn croí cúir agus clár caomhnaithe/cárta le toisí an stáitse a léiriú le forstua atá go cruinn de réir scála agus sciatháin, cúlstáitse, timléargas (*cyclorama*), cúlballaí, claonadh urláir agus na príomhbhealaí amach agus isteach. Ba chóir go mbeadh an mhionsamhail stáitse chaighdeánach 1:24 nó ceathrú orlaigh in aghaidh gach troigh.

Ábhar a bheidh de dhíth ort don mhionsamhail de sheit stáitse:

- pinn luaidhe, pinn, péinteanna agus scriosáin;
- dronbhacart;
- clár cúir mar bhonn;
- *Styrofoam* le cruthanna a snoí/a dhealbhú;
- uirlisí dealbhóireachta (réimse de sceana gearrtha);
- clár caomhnaithe, clár léaráidí, cárta stoic;
- téip chumhdaigh, gliú APV (*PVA*);
- dramhfhabraicí do chuiríní, sciatháin, táib srl;
- teach bábóg nó troscán ar mhionscála; agus
- eilimintí 3T clóbhualte do chúlchuiríní srl.

Agus seit iomlán seomra á chruthú, (mar shampla, do stáitse scoile), ná déan dearmad scála cruinn a chruthú d'ábhair ar nós cuiríní, fallaingeacha, scáthchlúdaigh agus táib agus bain úsáid as fíorábhair ar féidir cúl cárta a chur leo. Ba chóir an bosca mionsamhlach a bheith péinteáilte le péint neamhlonrach dhubh, mura bhfuil saindath éigin de dhíth ar do sheit. Bain úsáid as na toisí céanna don stáitse le príomhchodanna an tulra a sceitseáil agus a ghearradh le cárta stoic simplí.

Riachtanais do dhaltaí Dearadh Seit Chomhpháirt 2 – Taibhiú Scriptithe

CM2: Scileanna amharclannaíochta a chur i bhfeidhm le cuspóirí ealaíonta a fhíorú i dtaibhiú.

Seit

Déantar an t-iarrthóir a mheasúnú ar a láithreoireacht agus ar **dhearadh an tseit** sa taibhiú, lena n-áirítear úsáid ábhar agus trealaimh i bhfíorú an deartha.

Sa láithreoireacht 5 – 7 nóiméad acu, caithfidh iarrthóirí 4 rannán a chur isteach agus na rudaí seo a leanas a thaispeáint:

I Rannán 1 – coincheap deartha

Ba chóir go léireodh seo na riachtanais seit uilig don taibhiú, agus cúlra, stíl agus seánra na scrípte san áireamh:

I Rannán 2 – bonnmhíniú leis an tseit

Ba chóir go gcuimseodh seo an dóigh ar shocraigh an t-iarrthóir ar choincheap ar leith ó réimse smaointe agus an réasúnaíocht don rogha a rinneadh. Ba chóir go gcuimseodh sé fosta smaointe maidir le stíl le hatmaisféar agus comhthéacs a léiriú:

I Rannán 3 – cur síos imlíneach ar an phróiseas

Sa rannán seo, ba chóir go mbeadh an dalta ábalta an próiseas forbartha a thaispeáint ó choincheap go fíorú agus an réasúnaíocht maidir leis an dóigh a gcuireann an coincheap sin brí agus cuspóirí ealaíonta an téacs in iúl. Ba chóir go mbeadh sceitsí agus/nó grianghraif de na smaointe agus den phróiseas ann:

I Rannán 4 – mionsamhail seit

An rannán seo, léiríonn sé an próiseas smaointeoireachta agus fíorú an deartha deiridh ina mhionsamhail stáitse 3T tógtha de réir scála agus feidhmiúil le ligean don ghrúpa a fheiceáil an dóigh a n-oibreoidh an taibhiú ar an stáitse.

Naisc Úsáideacha

<https://www.bbc.co.uk/education/guides/z39x34j/revision>

<http://stageandscreendesignireland.ie/designers>

www.andywalmesley.com

<https://nationalcareersservice.direct.gov.uk/job-profiles/set-designer>

www.stageone.co.uk/events

<http://www.theatredesign.org.uk/>

<https://www.theguardian.com/culture-professionals-network/2015/mar/10/how-to-become-a-theatre-designer>


Cleachtas Gairmiúil

Dearthóir Áitiúil Seit – Stuart Marshall

Tá Stuart Marshall ina chónaí i mBéal Feirste agus is céimí sa dearadh é de chuid Ollscoil Uladh. Tá sé ag obair mar dhearthóir agus mar ealaíontóir radharcra agus chonacthas a chuid oibre ar fud na hÉireann, sa Ríocht Aontaithe, san Astráil agus sa Chianoirtheair. Tá obair déanta aige le réimse leathan compántas agus ionad amharlcainne áitiúla agus tá baint speisialta aige le fada leis an *Lyrical Theatre*, a bhfuil breis agus 75 dearadh déanta aige ann ó 1993. Duine de bhunaitheoirí *Prime Cut Productions* a bhí ann agus tá a lán seónna a léiríodh den chéad uair go háitiúil agus in Éirinn deartha aige don chompántas.

Ó 2010 is léachtóir ar cuairt é in Amharclannaíocht Theicniúil ag Ollscoil na Banríona, ag roinnt a chuid eolais le mic léinn faoin dearadh seit agus ag comhoibriú leo ar léiriúcháin.

Sa bhliain 2014, dhear sé an seit do léiriú *Cabaret* de chuid Chompántas Amharclannaíochta *Bruiser* ag Amharclann an MAC i mBéal Feirste.



Baineadh an íomhá mar gheall ar shrianta cóipchirt.

Le hamharc ar an íomhá, cliceáil ar an nasc:

<http://stageandscreendesignireland.ie/content/uploads/2015/06/absencemodel10.jpg>

Fíor 1 – ‘The Absence of Women’ le Owen Mc Cafferty

Lyrical Theatre, Béal Feirste 2011 – Dearadh Seit le Stuart Marshall. Tá beirt fhear chnagaosta, Gerry agus Iggy, ag amharc siar ar a saol oibre le linn na 50idí agus na 60idí i Sasana. Tá an seit teibí ilionadach agus faoi thionchar Beckett. Léiríonn sé saol tuirseach spíonta na bpríomhcharachtar ach chomh maith leis sin, tá gnéithe praiticiúla ann do na carachtair ionas go dtig leo súi in amanna ar an stáitse agus is féidir athruithe radharcra a dhéanamh go líofa mar gheall air.

Baineadh an íomhá mar gheall ar shrianta cóipchirt.
Le hamharc ar an íomhá, cliceáil ar an nasc:
<http://stageandscreendesignireland.ie/content/uploads/2015/06/cabaretmodel01.jpg>

Fíor 2 – ‘Cabaret’ Seó Ceoil Duais-Bhainteach

Amharclann an Mac, Béal Feirste 2012 – Dearadh Seit le Stuart Marshall. Léiríonn an seit Beirlin sna 1930idí in áit shuarach darb ainm The Kit Kat Club. Tá eilimintí den nádúrachas sa dearadh leis an stáitsiú forstua dea-aitheanta ag léiriú seanamharclanna na hallaí ceoil ach tá doirse siombalacha ann le méideanna agus le cruthanna difriúla, ag leibhéil éagsúla a chuireann saoirse agus slite amach in iúl, ach a chruthaíonn mothú den chúngach san am chéanna.

Baineadh an íomhá mar gheall ar shrianta cóipchirt.
Le hamharc ar an íomhá, clliceáil ar an nasc:
<http://stageandscreendesignireland.ie/content/uploads/2015/06/200511SH544.jpg>

Fíor 3 – 'Brendan at the Chelsea' le Janet Behan

Naughton Studio, Béal Feirste, 2011 – Dearadh Seit le Stuart Marshall. Tá an seit nádúraíoch agus tá sé feidhmiúil agus réalaioch leis an Óstán Chelsea a léiriú, áit bhoihéimeach a mbíodh an drámadóir Brendan Behan ag scríobh ann. Is é Behan príomhcharachtar an dráma.

Baineadh an íomhá mar gheall ar shrianta cóipchirt.

Le hamharc ar an íomhá, cliceáil ar an nasc:

<http://stageandscreendesignireland.ie/content/uploads/2015/06/cabaretmodel02.jpg>

Fíor 4 – ‘Cabaret’ – an Seó Ceoil ag The MAC, Belfast, 2014

Taispeánann an íomhá seo an seit agus é á thógáil – Dearadh Seit le Stuart Marshall).

Le níos mó sonraí a fháil faoi Stuart Marshall, Dearthóir Seit, tabhair cuairt ar:

<http://stageandscreendesignireland.ie/designers>

Cad é mar a thosaigh tú amach mar dhearthóir seit?

Is dócha gur thosaigh mé ar an ghairm agus mé ar scoil. Bhí mé ar scoil ag Coláiste na Modhach, Béal Feirste, agus fuair mé inspioráid agus spreagadh ó bheirt mhúinteoirí iontacha – Kieran Pope, an múinteoir ealaíne agus Joan Mc Pherson, an múinteoir drámaíochta a bhí agam. D’fhorbair an tUasal Pope mo thallann cruthaitheach agus spreag sé mé le cur isteach ar an Choláiste Ealaíne agus d’iarr Iníon Mc Pherson orm an seit a dhearadh do *Guys and Dolls*. Thug sin an deis dom taighde a dhéanamh ar dhomhan na coireachta lena dhrongadóirí agus a lucht cearrbhachais i Nua-Eabhrac sna 1950idí a bhí mar ábhar ag Damon Runyon. Fuair mé an deis seiteanna nua a chruthú do *Macbeth*, *The Taming of the Shrew*, *The Merchant of Venice* agus *A Midsummer Night’s Dream* de chuid *Shakespeare*.

Ansin, chuaigh mé chuig Coláiste na hEalaíne, Béal Feirste agus rinne mé staidéar ar an dearadh ghrafach. Agus mé ansin, d’éirigh liom obair pháirtaimseartha a fháil ag péinteáil seiteanna don *Lyric Theatre*. Thug sin an oiread sin taithí dom. D’oibrigh mé do Jim Carson a raibh ceardlann aige i Sráid *Landseer* agus bhí seisear ag tógáil na seiteanna don *Lyric* agus roinnt amharclann eile. Bhíodh seit nua le déanamh gach mí agus bhí sin thar a bheith corraitheach domsa, mar bhí mé ag foghlaim ar an jab. Bhí a fhios agam ag an chéim seo de mo bheatha go raibh mé ag iarraidh bheith i mo dhearthóir seit. Le dearadh feisteas, bíonn tuairim ag gach duine cé acu atá siad fóirsteanach don charachtar nó nach bhfuil, mar go gcaitheann gach duine éadaí agus bíonn go leor eolais ag gach duine ar na feistis, de réir cosúlachta. Tá a lán staire ag baint le héadaí agus i ndráma seanré, ní mór dóibh a bheith ceart. Le dearadh seit, is féidir leat do chuid taighde a dhéanamh agus seit a chruthú ach is ar éigean a thugann daoine an seit faoi deara, de réir cosúlachta, nó ní bhíonn tuairim acu air, go háirithe má éiríonn leat. De réir cosúlachta, ní thugann daoine an seit faoi deara nuair a éiríonn leis agus is maith liom sin. Silim go bhfuil dearadh seit níos cruthaithí agus go ginearálta, níl mórán eolais ag daoine ar sheiteanna.

Ní dhearna mé staidéar ar dhearadh seiteanna riamh. D'fhoghlaim mé an cheird go díreach trí thaití a fháil agus sílim gur oibrigh sin go maith domsa. Ní hé sin an bealach is coitianta, is dócha, ach is é sin an ceann a d'éabhlóidigh domsa agus a mhúnlaigh an todhchaí dom. Chríochnaigh mé mo chéim ag an Choláiste Ealaíne agus fuair mé post mar dhearthóir grafach le comhlacht áitiúil ach lean mé liom ag péinteáil seiteanna agus ag an chéim seo fuair mé obair dom féin mar dhearthóir seit. Thóg mé líonra le daoine sa tionscal agus d'fhorbair mé caidrimh leis na compántais amharclannaíochta áitiúla uilig.

I ndiaidh tréimhse ghairid ag obair mar dhearthóir grafach rinne mé an cinneadh agus thosaigh mé ag obair mar shaorobrí mar dhearthóir seit agus ba é sin é. Leis na teagmhálacha a bhí déanta agam, bhí mé ábalta go leor oibre a fháil le mé fhéin a choinneáil gnóthach. D'éirigh go seoigh liom agus is breá liom mo chuid oibre.

Cá háit a dtosaíonn tú le dearadh seit?

Is leis an script a thosaíonn tú. Léigh mé an téacs a lán uaireanta sular smaoinigh mé fiú ar an tseit. Nuair a bhuaileann tú leis an stiúrthóir, is minic a bhíonn smaointe maíthe aige don tseit ach ní bhíonn siad ach nóiseanúil. In amanna beidh smaointe soiléire cinnte ag stiúrthóir ach is annamh a bhíonn sé amhlaidh. In amanna ní bheidh smaointe ar bith ag an stiúrthóir agus beidh sé ag brath go huile is go hiomlán ar an dearthóir le smaointe a chumadh. Ag an chéim seo, b'fhéidir go molfainn roinnt smaointe ach is fearr liom bheith chomh hoscailte agus is féidir go dtí an chéad chruinniú eile nach mbeadh ach cúpla seachtain ina dhiaidh sin. Mar sin de, tosaím ar sceitsí a tharraingt chomh gasta agus is féidir agus déanaim roinnt taighde ar thréimhse an dráma. Is fíorannamh a choinním mo chuid sceitsí mar ní bhíonn iontu ach scriobláil. Is maith liom dul chuig leabharlanna ar nós Leabharlann Halla an Linéadaigh agus amharcafaidh mé ar na grianghraif i leabhair. B'fhéidir gur foirgnimh agus daoine na linne sin atá i gceist agus amharcafaidh mé fosta ar ealaíontóirí ón tréimhse sin agus a gcuid saothar. Ar ndóigh, na laethanta seo, is minic a amharcaim ar an idirlíon ach go fóill, is breá liom amharc i leabhair le grianghraif, íomhánna agus pictiúir a fháil.

Ansin, tógfaidh mé seit seomra atá beag garbh, agus a bhíonn 1/50 de ghnáth – ní hé sin an táirge deiridh. Is maith liom bheith ag obair chomh luath agus is féidir in 3T agus tosú ar rudaí a bhogadh thart. Ag an chéim seo fosta, is maith liom dhá nó trí smaoinemh a bheith agam a thabharfaidh mé don stiúrthóir. Is den tábhacht bheith solúbtha agus nuair a bhuaílím leis an stiúrthóir an chéad uair eile, b'fhéidir go dtosóinn le smaoinemh simplí agus roinnt moltaí a dhéanamh ionas go dtiocfadh an smaoinemh a bhfuil an-dúil agam ann ón stiúrthóir agus ar an dóigh sin, is leis an stiúrthóir an dearadh. Thig liom an seit seomra bunúsach a úsáid le mo chuid smaointe a thaispeáint don stiúrthóir agus nuair atá aontú ar na smaointe, tógfaidh mé an seit seomra deiridh in 1/25. Le roinnt stáitsí, is féidir leis sin a bheith measartha mór. Sílim go bhfuil sé níos fusa seit seomra úrnua a thógáil agus a chaithfear ar shiúl agus ansin seit bosca deiridh a thógáil. Ar an dóigh seo, bíonn sé níos fusa agam athruithe a dhéanamh ná dá mbeadh orm tosú arís.

Cad é mar a fhorbraíonn tú do smaointe tosaigh agus cá háit a bhfaigheann tú inspioráid?

Tugann gach dráma línte fiosrúcháin ar leith duit agus mar sin de, faighim mo chuid smaointe ó gach áit. Bíonn smaointe i mo cheann ar dtús, b'fhéidir agus ansin déanaim iarracht na smaointe a shíneadh agus rud éigin níos praiticiúla a dhéanamh díobh.

Is cuimhin liom gur iarradh orm an seit a dhéanamh do 'La Chunga', dráma ó Mheiriceá Theas le Mario Vargas Llosa atá ag baint le cearrbhach ar thréig an t-adh é. Ní thiocfadh liom teacht ar smaoinemh agus ansin níl faisnéis ar bith ann ón drámadóir, agus mar sin de, chuaigh mé chuig an chéad chleachtadh agus bhí mé i láthair agus an dráma á léamh. Rinne mé iarracht mé féin a shamhlú i suíomh an dráma mar dhuine de na carachtair agus ansin rith smaoinemh liom. Bhí íomhá i mo cheann de bhalla a raibh poll ann beagnach cosúil le draein lasnairde agus bhí na daoine seo ina gcónaí i gcuid iargúlta den domhan ach ní raibh áit ar bith le dul acu. De réir mar a d'éist mé leis an script á labhairt, dhruid mé mo shúile agus sin an íomhá ar thosaigh mé léi agus d'fhorbair mé go dtí go raibh seit a d'oibrigh ann. De ghnáth, tabharfaidh an drámadóir roinnt leideanna duit ar a laghad maidir leis an líon bealaí isteach nó bealaí amach atá de dhíth agus seo an túsphointe praiticiúil atá riachtanach. Le Shakespeare, ní thugtar sin duit fiú, ach ar a laghad le Shakespeare, ní féidir bheith ann ach suas stáitse ar dheis nó ar chlé.

Tá sé iontach contúirteach rud a scríobh an drámadóir a athrú. Bíonn cathú ann i gcónaí rud éigin a dheanamh go difriúil ach tá sin iontach baolach. Ní amharcaim ar dhearaí eile a rinneadh do dhrama in am ar bith. Tosaím i gcónaí ó bhonn agus le mo chuid smaointe féin.

In ‘Cabaret’, mar shampla, tá bealaí isteach/bealaí amach agus suíomhanna an-sainiúil ann agus tá sé suite sa chlub Kit Kat sna 1930idí sa Ghearmáin le roinnt suíomhanna eile. Is meafar é an club ar na forbairtí bagracha polaitiúla a bhí ag tarlú i nGearmáin Phoblacht Weimar ag tarraingt ar a dheireadh agus de réir mar a thaispeánann an seó ceoil an taobh níos suaraí den tsaol agus nochtann cuid de na réadúlachtaí gránna a bhaineann leis an ghrá agus an fhuath araon, agus mar sin de, shocraigh mé seanamharclann smolchaite a chruthú agus na bíomáí loma agus an plástar ag titim de na ballaí a nochtadh in áiteanna. Bhain mé an-sult as forstua iomlán a thógáil ar stáitse oscailte agus as taighde a dhéanamh ar na dathanna agus na huigeachtaí don tréimhse seo. Is maith liom mionsonraí, cúinní taise agus páipéar balla ag imeacht a phéinteáil, agus cóiriú agus trealamh fíorúil a chur leis an tseit.

Cad iad na rudaí ríthábhachtacha i ndearadh seit?

Is é an coincheap tosaigh an túsphointe. Ní mór duit eolas a bheith agat ar an stáitse a bhfuil tú ag dearadh dó, an spás atá agat, líon na mbealaí isteach agus na mbealaí amach atá de dhíth agus líon na ndaoine a bheidh sa spás. B’fhéidir go mbeadh deichniúr agat agus caithfidh cuma iargúlta a bheith ar an tseit nó b’fhéidir go mbeadh beirt ann agus ní mór cuma chlástrafóibeach a bheith ar an spás. Ní mór duit bheith ar an eolas cá mhéad suíomh atá de dhíth agus an bhfuil an buiséad agat le seit comhchodach a bheith agat nó roinnt seiteanna a dtiocfaí iad a eitilt isteach.

Tosaíonn tú leis an bhunphlean agus ansin is féidir leat spéis a chur isteach agus ansin uigeacht agus dath. Ní mór duit bheith dílis don téacs i gcónaí.

Cad é mar a léiríonn tú stíl agus seánra foriomlán léiriúcháin?

Ní mór duit tosú le taighde a dhéanamh ar na hiomhánna don dráma. Seo nuair is maith liom amharc ar a lán leabhar. Anois, thig liom moltaí a chlósáil isteach agus a fheiceáil cad é a thagann aníos. Is maith liom scéalta a chruthú do na carachtair maidir leis an áit a dtiocfadh leo bheith ina gcónaí agus na sráideanna a mbíonn siad ag siúl orthu. Ag amharc ar na rudaí a bhí ag tarlú ag an am agus ag obair go leataobhach, is minic a chuidíonn sin liom teacht ar smaointe a bheidh rathúil ar an tseit. Tá daoine thar a bheith tábhachtach i ndearadh seiteanna agus cuirim carachtar ón dráma ar an mhionsamhail seit seomra agus é nó í gléasta i bhfeisteas cuí ionas go bhfeicfidh mé go mbeidh sé/sí ag teacht leis an tseit agus leis an tsuíomh. Is maith liom fosta bheith ag amharc ar phictiúir den tréimhse a thaispeánfaidh íomhánna de dhaoine i gcúlraí ar leith. Cuidíonn seo go mór maidir le dath a chur isteach.

Cad é an próiseas ón dearadh tosaigh tríd chuig an léiriúchán?

Tá an chaint tosaigh leis an stiúrthóir fíorthábhachtach agus ina dhiaidh sin, roinnt sceitsí nó scrioblála. Ansin, i ndiaidh amharc ar a lán íomhánna, grianghraf agus pictiúr, déanfaidh mé an chéad mhionsamhail den bhosca stáitse. Nuair a théim ar ais chuig an stiúrthóir, bímid ag aontú ar choincheap deiridh an deartha. Ansin, tógfaidh mise an mionsamhail deiridh den stáitse bosca leis na mionsonraí uilig agus an troscán uilig agus na carachtair bhreise ann agus ag an chéad chruinniú eile b’fhéidir go mbeadh ‘cad é a tharlódh’ ann agus b’fhéidir go mbeadh orm labhairt leis an dearthóir soilsithe faoi dathanna agus fiú leis an dearthóir feistis faoi dhóras a bheith mór go leor d’fheistias nó b’fhéidir feistias gairid ar stáitse ardleibhéil nó b’fhéidir gluaiseacht éigin a gcaifear a dhéanamh ar leibhéil dhifriúla ar an stáitse. Go ginearálta ag an chéim seo den phróiseas, bíonn gach rud socraithe agus níl i gceist ach an plána mín a chur ar roinnt fadhbanna.

Ag an pointe seo, seans go mbaineann na fadhbanna leis an bhuiséad. In amanna, caithfear an seit a ghearradh siar mar gheall ar an chostas ach in amanna, is féidir leat airgead a fháil ó bhuiséad na bhfearas nó ó fhoinsé eile, go háirithe má tá an stiúrthóir ag iarraidh mionsonraí uilig an tseit a bheith ann. Tá seo díreach i ndiaidh tarlú ag an gheamaireacht ag an *Waterfront*. Bhí an stiúrthóir ag iarraidh mo chuid smaointe uilig a úsáid agus fuair sé an t-airgead trí choigilt a dhéanamh áit éigin eile. Is féidir le gléasadh an tseit cur go mór leis an chostas agus is féidir leis an lucht margaíochta urraíocht a fháil in amanna nó iarraidh ar shiopaí rudaí a thabhairt dóibh ar iasacht mar mhalairt ar roinnt fógraíochta a thabhairt sa chlár.

Chomh maith leis sin, is cuidiú é má bhíonn daoine agat a dtig leo earraí a fháil duit mar go dtógann sé méid bocht ama ach is rud breá é cóiriú stáitse agus mionsonraí a fháil a dtig leo cur leis an choincheap fhoriomlán. Bhí seo thar a bheith tábhachtach i léiriú de *Educating Rita* a bhí ann ar na mallabha, a bhí suite in Ollscoil na Banríona a bhí lán le cuimhneacháin agus rudaí pearsanta *Frank* a bhí bailithe aige thar na blianta agus nach dtiocfadh le *Rita* iad a thuiscint ar dtús.

An ndéanann tú mionsamhail stáitse i gcónaí agus cad iad na hábhair a úsáideann tú?

Déanaim, bíonn bosca seit agam i gcónaí. Caithfear an chéad bhosca ar shiúl agus an tairge deiridh, atá déanta de réir scála, úsáidfidh an tógálaí seit agus an fhoireann léiriúcháin sin.

Tosaím leis an MDF don urlár agus ansin, tosaím ar an tógáil le cúrchlár, cairtchlár gléasta agus cárta tiubh don phríomhseit. Bainfidh mé úsáid as gliú PVA lena chur le chéile agus b'fhéidir páipéar gainimh don bhrat urláir nó uaireanta polaistireín le cruthanna neamhghnácha a dhéanamh. Bainim úsáid as cré mhúnlaithe in amanna agus déanaim í a bhácáil san oigheann. Baintear úsáid as cárta le troscáin a dhéanamh agus in amanna, adhmaid cipíní le cosa cathaoireacha nó scafall a dhéanamh srl. Ábhair ó iarnród bhréige, tá siad thar a bheith maith le radharcanna taobh amuigh a dhéanamh agus is féidir ábhair ó bhailiúcháin de throscaín ó thithe bábóg a bheith úsáideach in amanna fosta. Is féidir liom íomhánna a íoslódáil do phictiúir bhalla nó don timpléargas (*cyclorama*) agus is féidir páipéar balla mionlaghdaithe a phriontáil fosta. Tá nós agam aon fhigiúr 3T ar a laghad a chur isteach, déanta de réir scála leis an tseit, agus é ag geáitsíocht de ghnáth, le carachtar beo a chruthú a bheidh beo sa radharc. Beidh gach rud péinteáilte leis an phéint chéanna a úsáidfear don stáitse. Tá píosaí éadaigh agus fabraice úsáideach ag céim na mionsamhla.

Cé chomh rannpháirteach is a bhíonn tú maidir leis an tseit a thógáil, a phéinteáil agus a chóiriú?

Ní gnách liom an seit a thógáil, ach déanaim é a phéinteáil agus a chóiriú i gcónaí agus déanaim na fearais stáitse uilig. Is maith liom dul ar an tseit a luaithe agus is féidir agus a luaithe is atá cuid amháin tógtha, tósóidh mé ar an chuid sin a phéinteáil. Tá sé níos fusa nuair a thógtar an seit i gceardlann agus ansin baintear as a chéile é, tugtar go dtí an stáitse é agus cuirtear na mionsonraí agus maisiúcháin uilig leis. In amanna, tógtar ar an stáitse é agus cuirtear an phéinteáil agus na mionsonraí uilig leis ansin. Tá roinnt dearthóirí ann a dhéanann an dearadh agus go brách leo, ach bíim féin i gcónaí rannpháirteach go dtí an chéim dheiridh agus chomh cóngarach do thús an tseó. In amanna, rachaidh mé siar agus cuirfidh mé mionsonraí isteach le linn na réamhléirithe.

Bainim úsáid as gnáthphéint eibleachta neamhlonrach nó in amanna, ordóidh mé péint radharcra. In amanna, measfaidh mé mo chuid dathanna féin, nó in amanna, ordóidh mé péint ar leith ar líne. Bíonn an phéint uiscebhunach i gcónaí le hinneachar ard lí agus ar ndóigh, bíonn sí frithsheasmhach ar thine, mar tá sláinte agus sábháilteacht thar a bheith tábhachtach. Caithfidh gach fabraic ar an stáitse a bheith lasairmhoillitheach.

De ghnáth, bíonn an seit déanta de shraithadhmaid nó de chlár SMD (*MDF*) agus bíonn cóta tosaigh péinte (péint bhán, de ghnáth) de dhíth air sula gcuirtear dath leis agus in amanna, déantar é a fheabhsú nó a athrú ansin. Is lú an úsáid a bhaintear as canbháis i rith an ama, ach is fabraic iontach é do chúlraí go fóill.

Cé chomh tábhachtach atá dearadh seit leis an chéad imrisean a chruthú?

Is stáitsí oscailte gan chuirín iad an chuid is mó de na stáitsí anois agus mar sin de, nuair a thagann an lucht féachana isteach, tá siad ag amharc ar an tseit ar feadh deich nóiméad sula dtosaíonn an dráma. Tugtar leid dóibh láithreach faoin dráma agus faoin choincheap agus faoin tréimhse. Is minic a bheidh éifeacht fho-thairseachúil aige seo ar an lucht féachana, mar ní dhéanann siad anailís go comhfhiosach ar an tseit agus iad ag teacht isteach, ach glacann siad leis mar chúlra don dráma. Seit maith, ceapfaidh sé íomhá an dráma agus táthar ag súil go dtarraingeoidh sé an lucht féachana isteach ar an ardán nuair a íslítear na soilse sa halla éisteachta. Nuair a thosaíonn an dráma, níor chóir go gcuirfeadh an seit iontas ar an lucht féachana ná go mbainfeadh sé a n-aird den stáitse, ach ba chóir dóibh bheith in ann a n-aird a dhíriú ar an aisteoireacht agus an seit gan aird sa chúlra.

Cad é mar a chuireann an dearadh seit le brí fhoriomlán an dráma?

Níor chóir go mbeadh éifeacht ar leith ag an tseit ar léiriú. Tá sé ansin le freastal ar an dráma. Níor chóir go mbeadh an lucht féachana ag teacht amach as dráma agus iad ag rá, ‘seit iontach a bhí ann’. Ba chóir go bhfeidhmeodh an seit leis an dráma agus ar son an dráma agus sílim mura dtugann tú faoi deara é go suntasach, tá sé ag obair go maith agus is léir go bhfuil sé ag cur leis an tuiscint agus an bhrí fhoriomlán. Ba chóir go bhfeabhsódh an seit an bhrí gan í a athrú.

Ba chóir go mbeadh sé mar an gcéanna don tsoilsiú agus don fhuaim agus ba chóir dúinn bheith ag obair mar fhoireann trí chuidiú lena chéile ár gcuid smaointe a chumascadh. Is féidir ton datha an tsoilsiú a ardú nó a mhaolú sna cleachtaí feistis deiridh gléasta in áit dath an tseit a athrú, atá lánchóirithe agus i bhfeidhm anois.

Más seit iostach nó teibí é, is den tábhacht amharc ar an spás agus ar an chruth fhoriomlán don chothromaíocht agus don éifeacht aeistéitiúil. Is mó an tábhacht a bhaineann leis seo nuair atá dhá leibhéal dhifriúla i gceist agus in amanna ní mór bealaí amach is isteach níos soiléire a dhéanamh. Is féidir marcanna stáitse a úsáid ansin le troscán agus codanna inghluaiste eile den tseit a chur in áit.

Bíonn sláinte agus sábháilteacht i gceist ar fud an phróisis deartha ach go háirithe sna laethanta deiridh nuair atá na sciatháin in úsáid leis an tseit a stóráil agus bíonn troscán agus fearais stáitse srl. á n-iompar ar an stáitse agus den stáitse i mbreacsholas nó i ndorchadas iomlán. Ba chóir gur úsáid dearthóir seit an mhionsamhail stáitse le hoibriú trí gach gné den athrú agus níor chóir aon ábhar iontais a bheith ann ag an am seo. Roinnt amharclann, beidh tú na spéireog ann, agus is féidir seiteanna a athrú go gasta, ach caithfidh i bhfad níos mó smaointeoireachta agus pleanála a dhéanamh ar sheit a bhfuil roinnt athruithe ann.

Cad iad na dearaí is mó ar éirigh leo sa léiriú?

Rinne mé an dearadh do *‘Of Mice and Men’* roinnt blianta ó shin ag an *Lyric* agus sílim gur oibrigh sin go seoigh. Ceann de na drámaí é ar tháinig gach rud le chéile ann go rathúil nuair a cuireadh na gnéithe uilig den tsoilsiú, den fhuaim agus den fheistias leo. Dráma a bhí ann fosta a raibh mé ábalta a lán taighde a dhéanamh air. Thaitin stíl an dráma liom. Bhí sé an-oscailte agus mhothaigh muid go raibh an ré agus an meon agus an t-atmaisféar faighte againn. Bhí an seit thar a bheith simplí gan tranglam agus b’fhéidir gurb é sin fáth eile ar oibrigh sé chomh maith sin. Chomh maith leis sin, d’oibrigh muid go maith mar fhoireann agus bhí muid uilig ag comhoibriú agus ag labhairt cuid mhór faoi bhrí an dráma agus an t-atmaisféar a bhí muid ag iarraidh a chruthú.

Dráma eile ar bhain mé an-sult as an tseit a dhearadh dó ná *‘The Spelling Bee’*. Bhí sé ag an *MAC* arís agus bhí stáitse oscailte ann le cuid mhór idirghníomhaíochta agus rannpháirtíochta ag an lucht féachana ann. Dráma nua a bhí ann agus an chéad léiriú do Thuaisceart Éireann, mar sin de, ní raibh a fhios ag an lucht féachana cad é a bheadh rompu. Baineadh úsáid mhaith as an tseit mar go raibh sé faoi sheó quiz ar an teilifís agus ós rud é gur dráma grinn a bhí ann bheadh a lán gluaiseachta agus spraoi ann. Bhí a lán datha agus mórthaibhsíú ann ach bhí na carachtair uilig thar a bheith réalaíoch agus bhí scéal le hinsint acu.

Is dóigh liom go bhfuil dúil agam sa nádúrchas mar stíl agus is breá liom dráma de chuid *O’Casey* a dhearadh. Bainim sult as na mionsonraí a chur isteach ar sheit fírinneach a bhfuil gnéithe suntasacha na tréimhse léirithe ann.

Cleachtas Gairmiúil

Stiúrthóir Ealaíne Áitiúil – Paula McFetridge

Seo thíos, tá cuntas pearsanta ar chleachtas gairmiúil an Stiúrthóra Paula Mc Fetridge.

Is Stiúrthóir Ealaíne í Paula ar Kabosh ó Lúnasa 2006. Stiúraigh sí na chéad léiriúcháin don chompántas de *Green & Blue* le Laurence McKeown, bunaithe ar chartlann béil d'oifigigh RUC agus Garda le linn na coimhlinte; *Mabel* le Maria Connolly, a stáitsíodh san Annesley Garden agus Caisleán Chaisleán an Uidhilín; *Those you pass on the Street* le Laurence McKeown, a choimisiúnaigh Healing Through Remembering le hamharc ar dhéileáil leis an am atá thart; *Belfast by Moonlight* le Carlo Gébler le ceol nuachumtha ag Neil Martin, oratóir a stáitsíodh i dTeampall Naomh Seoirse le 400 bliain ó bhunú Bhéal Feirste a chomóradh; *Inventors* le Carlo Gébler, Vincent Higgins, Seth Linder agus Jimmy McAleavey, ceiliúradh ar airgeadh Chúige Uladh i dtobscíoból; *Ghosts of Drumglass* le Rosemary Jenkinson, suiteáil Oíche Shamhna i bPáirc Dhroim Ghlais; 1 in 5 le Marina Carr, Rosemary Jenkinson, Nicola McCartney agus Morna Regan in iar-theach na mbocht i Léim an Mhadaidh; *The West Awakes* le Kieron Magee, Laurence McKeown, Rosaleen Walsh agus Jimmy McAleavey a stáitsíodh i gcúig shuíomh taobh amuigh in Iarthar Bhéal Feirste; *Belfast Bred* le Seth Linder, turas siúil bia agus dí i lár Bhéal Feirste; *This is What We Sang* le Gavin Kostick i Sionagóg Bhéal Feirste agus in Synagogue for the Arts, Tribeca mar chuid den chéad Irish Festival 2010 (buaiteoir 'Léiriú is Fear' agus ar an ghearrliosta do 'Stiúrthóir is Fear'); *Two Roads West* le Laurence McKeown atá suite i dtacsáí dubh agus é ag bogadh; *Carnival* le Lucy Caldwell i Spiegeltent; *Henry & Harriet* le Carlo Gébler i siopaí atá go fóill i mbun trádála i lár na cathrach; chomh maith le líon mór imeachtaí saincheaptha do *Healing Through Remembering*, *Trauma Recovery Network*, *Relatives for Justice* agus *Northern Ireland Tourist Board*.

Fuair Paula Duais Ambasadóir Bhéal Feirste 2014 as a hobair ag úsáid na n-ealaíon le dul i ngleic le mórcheisteanna deacra sóisialta agus *NITB NI Hero Award 2012* as a hobair i dturasóireacht chultúrtha. Is ball í den *Intercult pan-European Corners Project* agus comhalta de *Salzburg Global Seminar Session 532 'Conflict Transformation through Culture: Peace-building and the Arts'*.

Roimh *Kabosh*, bhí a lán duaiseanna bainte aici, ar a n-áirítear: Stiúrthóir Ealaíne ag Amharclann an *Lyrice* 2001-2006; Stiúrthóir Ealaíne convictions, a léirigh *Tinderbox Theatre Company* ag Teach Cúirte Sráid Chroimghlinne (buaiteoir 'Léiriú is Fear' 2000 ag Duaiseanna Irish Times/ESB).

• Cad é mar a fuair tú an post mar stiúrthóir ealaíne ar Chompántas Amharclannaíochta Kabosh?

Bhí mise mar Stiúrthóir Ealaíne leis an *Lyrice Theatre* ar feadh 6 bliana: bhí líon an lucht féachana ag titim nuair a tháinig mé, agus thiontaigh mé thart an treocht sin agus bhí na hailtirí agus an dearadh don amharclann nua roghnaithe agam, agus mhothaigh mé go raibh an t-am ann bogadh ar aghaidh chuig dúshlán difriúil. Bhí bunaitheoir agus stiúrthóir ealaíne *Kabosh* ag bogadh ar aghaidh i ndiaidh dhá bhliain déag á stiúradh agus shocraigh mé cur isteach ar an phost nuair a chonaic mé an fógra. Bhí dhá chúis leis sin – ba í Jo Egan an Léiritheoir Cruthaitheach ag *Kabosh* ag an am agus bhí muid ag obair le chéile roimhe ar an *'Wedding Community Play Project'* a bhí an-rathúil; agus bhí spéis agam tionscadal a chruthú do shuíomh conspóideach phríosún na Ceise Fada, a chreid mé a bheadh indéanta mar gheall ar fhócas suíomh-dhírithe *Kabosh*. Chuaigh mé trí agallamh dian 90 nóiméad don phost, agus mar chuid de bhí orm tasc nach bhfacthas roimh ré agus láithreoireacht a dhéanamh os comhair ionadaithe ó *Kabosh* agus Comhairle Ealaíon TÉ.

• Cad iad na gnéithe tábhachtacha de léiriú *Kabosh*?

- Déanann *Kabosh* iad a choimisiúnú ó ealaíontóirí gairmiúla
- Faigheann siad a n-inspiráid ó shuíomhanna, daoine agus scéalta thuaisceart na hÉireann
- Is minic a stáitsítear iad in áiteanna nach amharclanna iad
- Is é scoth na gcleachtóirí áitiúla a chuireann i láthair iad
- Bíonn rud éigin ábhartha le rá aige ó thaobh cúrsaí polaitíochta agus sóisialta de

• **Cad é mar a thosaíonn tú an próiseas de phíosa amharclannaíochta a cheapadh?**

Amharcaim ar insint, comóradh, scéal, duine nó suíomh a bhfuil brí ag baint leo/a gcuirfear spéis iontu... is minic a éabhlóidíonn seo ó rud éigin a léigh mé, rud éigin a dúirt duine éigin liom, ó shuíomh nó láithreán oidhreacht ar thug mé cuairt air nó ó 'fhadhb' atá le fiosrú leis an amharclannaíocht. Déantar é a phlé le mo chomhghleacaithe agus le bord *Kabosh* lena fháil amach an bhfuil féidearthachtaí ag an smaoineamh. Ansin, déanaimid drámadóir a choimisiúnú le dráma nua a chumadh atá fóirsteanach don fheidhm. Tugtar treoirilínte lánsoiléir don drámadóir maidir le scála, lucht féachana féideartha, suíomh féideartha, amlíne lena sheachadadh.

Cuirim aiseolas mionchruinn ar fáil ar gach dréacht den script – b'fhéidir go mbeadh breis agus 5 dhréacht ann sula dtéann muid isteach sa tseomra cleachtaidh. Sna cleachtaí, caitheann muid an chéad seachtain ag déanamh eagarthóireachta agus ag plé an dráma thart ar an tábla roimh sheasamh ar an stáitse.

• **An dtig leat cur síos ar léiriú a cheap tusa ar na mallaibh ón bhunsmaoineamh go dtí an táirge deiridh?**

Déanfaidh mé cur síos ar dhá léiriú a bhí thar a bheith difriúil:

1. *Green & Blue* le Laurence McKeown, a léiríodh de chéad uair i nDeireadh Fómhair 2016 in *Girdwood Cultural Space*; tá camchuart déanta aige ar a lán spásanna ealaíne agus neamhealaíne. Cruthaíodh seo i gcomhar le scátheagras a raibh Diversity Challenges air. Thar thréimhse trí bliana, bhailigh siad cartlann béil uathúil ó oifigigh RUC (Constáblacht Ríoga Uladh) agus Garda Síochána a bhí ar dualgas agus a dhéanadh patróil ar cheantar na teorann nuair a bhí an choimhlint in ard a réime (1970idí / 1980idí). Bhí siad ag dúil go mbeadh an chartlann á roinnt le pobal chomh leathan agus is féidir agus mar sin de, chuir siad tairiscint amach ag iarraidh ar ealaíontóirí dul i dteagmháil leo a mbeadh spéis acu i bpíosa oibre a chruthú bunaithe ar an chartlann. Chuir Laurence McKeown, i gcomhar le *Kabosh*, moladh isteach le píosa d'amharclannaíocht turais aon uair an chloig a chruthú a bhféadfadh plé éascaithe a bheith ann ina dhiaidh.

Thar 15 mhí, d'oibrigh Laurence ar script agus chuir sé dréachtaí isteach bunaithe ar bheirt charachtar i spás oscailte samhalta ar an teorainn, agus chuir mise aiseolas rialta isteach. Chaith mé am ag smaoineamh ar an dóigh le guth a thabhairt don duine taobh thiar den éide, an dóigh le leithlisiú a léiriú agus gan píosa stairiúil a dhéanamh den dráma. Earcaíodh beirt aisteoirí le léamha neamhfhoirmiúil a dhéanamh den script ag céimeanna difriúla ina forbairt do bhord Diversity Challenges agus bhí ionadaithe ó na Gardaí/RUC ann le finneacht a chinntiú agus le rannpháirtíocht na bpóilíní a uasmhéadú. Bheadh sé seo mar chuid den phróiseas chruthaitheach agus tú ag obair i gcomhar le heagraíocht ón earnáil dheonach agus go háirithe agus tú ag cruthú píosa oibre bunaithe ar scéalta a tiomsaíodh (i measc léiriúcháin eile de chuid *Kabosh* a bunaíodh ar scéaltaí tiomsaithe, bhí *Those you pass on the Street* a léiríodh i bpáirtíocht le *Healing Through Remembering* agus *This is What we Sang* a bhí bunaithe ar chartlann béil ó Phobal Giúdach Bhéal Feirste.

Bhailigh *Kabosh* an t-airgead leis an dráma a léiriú agus leis an chéad léiriú a dhéanamh de ag Féile Bhéal Feirste. Rinneadh an dráma a chleachtadh ar feadh 3.5 seachtain agus cuireadh foireann deartha (scannánóir, dearthóir feistis agus seit) agus foireann léiriúcháin ar conradh.

2. *Mabel* le Maria Connolly, a léiríodh den chéad uair i nDeireadh Fómhair 2015 i gCaisleán agus Gairdíní Chaisleán Uidhílin. Tá plaic ghorm chiorcal staire Uladh ann do Mabel Annesley, uiscadhathadóir a bhíodh ina cónaí ar thailte an chaisleáin ach níl eolas ach ag fíorbheagán daoine uirthi. Ós rud é go bhfuil sé ar léas ag na *Christian Centre Missionaries* anois níl teacht ag an phobal ar an Chaisleán i gCaisleán Uidhílin anois mura bhfuil tú ar chúrsa spioradálta. Bhí an dúspéis ag Maria Connolly, banaisteoir agus drámadóir, a bhfuil comhoibriú déanta agam léi ar a lán ócáidí, i scéal Mabel agus sa tsuíomh. I ndiaidh cúpla comhrá, go brách léi lena fheiceáil cad é thiofcadh léi a fháil amach. Mar gheall ar stair an tsuímh, rinne *Kabosh* idirbheartaíocht leis na daoine atá sa chaisleán anois, na daoine atá freagrach as na tailte, staraithe áitiúla agus Comhairle Bhurgcheantar an Dúin le rochtain, tacaíocht agus fírinneacht a chinntiú.

Socraíodh go ndéanfadh an dráma a bhealach de shiúl na gcos trí na gairdíní agus isteach sa chaisleán agus go mbeadh beirt bhanaisteoirí á dhéanamh (duine mar Mabel agus an duine eile ag déanamh gach ról eile). Ós rud é go raibh siúlóid ann agus go raibh sé dírithe ar líonta beaga (20 duine an t-uasmhéid), socraíodh go mairfeadh an dráma 50 nóiméad: leis sin, d'fhéadfaí roinnt léiriú a dhéanamh gach lá.

Chuaigh an script trí roinnt dréachtaí, tugadh roinnt cuairteanna ar an láthair leis an fhoireann léiriúcháin agus i ndiaidh 3 seachtaine de chleachtaí osclaíodh an tionscadal.

• Cad é mar a roghnaíonn tú agus a léiríonn tú seánra agus stíl an léiriúcháin?

Is iad téamaí an tionscadail agus an lucht féachana a mheastar a bheith ann a chinneann seánra agus stíl. Caithfear a ghlacadh san áireamh fosta an spás nó na spásanna a bhfuil sé le taibhiú ann; an dócha go rachadh sé ar chamchuairt? An dóigh le firinneacht agus caighdeán an léiriúcháin a choinneáil i réimse spásanna: mar shampla, le *Green & Blue*, meastar go stáitseofar an dráma i mbeairicí póilíní tréigthe/athghafa sa tuaisceart agus sa deisceart agus mar sin de, bhí tábhacht an scannáin mar chúla agus suíomh/spreagthach téama don lucht féachana, bhí sé rithábhachtach maidir leis an chinneadh deartha sin a dhéanamh.

Tá roinnt léiriúchán stáitsithe againn i suíomhanna oidhreacht agus creidimh – ní mór don stíl bheith measúil ar an tsuíomh gan bhaint den ionracas ealaíonta.

Sa bhliain 2014, bhí mé ag iarraidh tionscadal a chruthú le 20 bliain ó chéad sos cogaidh an IRA a chomórath – cor cinniúnach tábhachtach i stair na tíre seo ar na saolta deireanacha. Chreid mise nach dráma an seánra ceart le coimisiúnú, mar bhí cuid mhór daoine sa tsochaí nach mbeadh sásta bheith rannpháirteach in insint a thugann dúshlán an dóigh a n-amharcann siad ar an stair. Choimisiúnaigh Kabosh píosa 20 nóiméad de cheol ceolfhoirne ó Conor Mitchell, a rinne 20 ceoltóir aon uair amháin ag geataí Halla Chathair Bhéal Feirste ar 12 meán lae an 1ú lá de Mheán Fómhair 2014. Bhí an scór seo mar chúla do shuiteáil amharc-ealaíne.

• Cad é mar a fhorbraíonn tú na smaointe tosaigh?

Ní mór go bhfuil spéis agam i scéal, i suíomh nó i gcomórath agus caithfidh go bhfuil mé ag iarraidh níos mó a fhoghlaim faoi. De ghnáth, cuirim 3 phríomhcheist orm féin:

1. An mise an duine ceart leis an scéal a insint – cad é atá mise ábalta a thabhairt chuig an scéal nach dtig le duine ar bith eile?
2. An é seo an t-am ceart leis an scéal a insint? Cinneann sin an mbeidh daoine sásta éisteacht leis an scéal, nó nach mbeidh. Is minic a chuireann sé feabhas ar rannpháirtíocht sa léiriú má dhéantar é ag an am chéanna le nó cothrom le comórath, mar bíonn daoine níos oscailte.
3. Cé air a bhfuil sé dírithe? Níl seo iomlán tábhachtach ach ní mór machnamh a dhéanamh air mar go gcinneann sé stíl na poiblíochta, praghsanna na dticéad, suíomh, stíl, seánra. Cuireann sé fócas ar fáil don léiriú.

An píosa comhairle is fearr dar tugadh dom riamh ná bheith dílis dom féin – cruthaigh rud a mbeifeá sásta bheith rannpháirteach leis agus an cháilíocht a uasmhéadú, is cuma faoin scála.

• Cad iad na céimeanna a dtéann tú tríthu i ndiaidh na smaointe deartha tosaigh?

Tá roinnt rudaí ann a chinneann na dearaí tosaigh: buiséad (méid fhoireann an léiriúcháin agus ábhair), riachtanais buaine agus an áit a bhfuil an léiriúchán le bheith ann, chomh maith le riachtanais is fearr an tionscadail. I ndiaidh comhráite tosaigh leis an fhoireann deartha aon ar aon, bíonn cruinnithe comhchoiteanna ann lena chinntiú go bhfuil stíl fhoriomlán ag an léiriúchán agus go bhfuil gach duine ar

aon fhocal. Ansin, déantar gnéithe den dearadh a thástáil sa tseomra cleachtaidh lena chinntiú go bhfuil siad cairdiúil don úsáideoir agus ag cur feabhais ar an léiriúchán roimh an tógáil, eagarthóireacht nó déanamh deiridh. Is féidir leis an dearadh athrú suas go dtí oíche oscailte an dráma, agus gnéithe á n-athrú agus in amanna, á mbaint den dráma.

• **Cad iad na straitéisí a úsáideann tú sna cleachtaí leis an taibhiú a fhorbairt?**

Is é an phríomhghné domsa ná a chinntiú go bhfuil an script teann agus nach bhfuil rud ar bith ann nach gá a bheith ann. Is é an t-amhábhár é agus mar sin de, caithfidh sé a bheith teann agus fóirsteanach don fheidhm. Le linn na ndíospóireachtaí faoin script, moltar do gach aisteoir seilbh a ghlacadh ar ghuth an charachtair agus troid ar a shon. Insím d'aisteoirí i gcónaí a shamhlú go bhfuil siad ag imirt dairteanna le gach abairt – caithfidh siad gach smaoineamh a dhírú mar a bheadh siad ag iarraidh súil sprice a fháil in áit ligean dó imeacht go hiomrallach. Chomh maith leis an teanga a bheith scáinte, ní mór do gach gluaiseacht bheith fiúntach – ceann de na rudaí is deacra ná seasamh gan bhogadh... sin an fáth a bhfuil sé ar an rud is cumhachtaí. Ní chuirtear fearais ná troscáin isteach mura bhfuil gá leo. Tá sé chomh tábhachtach éisteach agus cluinstitín agus atá sé labhairt. Caithfidh gach nóiméad a bheith fíor – má thugann an t-aisteoir amhras isteach, stopaim agus iarraim air an cás a shoiléiriú. Tá gach tionscadal cosúil le píosa ceoil – gineann gach focal nó gníomh an chéad cheann eile agus tá am reatha idéalach ann.

Ní deirim le haisteoir in am ar bith an dóigh le rud a dhéanamh, ach ina áit sin, roinnim scéal nó smaoineamh agus labhraim thart ar nóiméad ionas go samhlaíonn an t-aisteoir féidearthachtaí eile agus tugann súil úr chuig an ábhar. Caithfidh greann a bheith ag baint le seomra cleachtaidh – áit le súgradh, áit le bheith sábháilte. Tá ealaín na hamharclannaíochta thar a bheith íogair.

• **An dtiocfadh leat aon chluiche nó teicníc a mholadh le húsáid sna cleachtaí le haisteoirí óga a spreagadh agus iad ag obair le chéile le léiriúchán a cheapadh?**

Aon rud a neartaíonn meon an ghrúpa, beidh sé sin úsáideach: ag cuntas le chéile nuair a chuireann gach duine uimhir leis an iomlán agus mar sin de, mar ghrúpa bíonn sibh ag cuntas chomh hard agus is féidir gan labhairt trasna ar a chéile nó liathróid a fháil agus 'coinnigh suas í' a imirt, leis an aidhm líon na mbuillí a mhéadú gach lá.

Le hinsintí nua a chruthú atá ábhartha go sóisialta agus atá uathúil do na cruthaitheoirí: tugann gach duine alt nuachtáin isteach nó grianghraf a chuireann béim ar shaincheist... roinntear é leis an ghrúpa agus ansin pléitear dóigheanna leis an chomhrá a roinnt san amharclann. Iarr ar an rang agallamh gairid a thabhairt isteach atá déanta acu lena dtuismitheoirí/seantuismitheoirí/caomhnóir faoi chuimhne a bhí acu den am nuair a bhí siad den aois chéanna. Iarr ar bhall eile den ghrúpa é a thaibhiú sa chéad phearsa.

Déan turas taighde thart ar an scoil nó an áit a bhfuil tú i do chónaí agus fiosraigh bealach gairid – ar thug tú rud faoi deara nach bhfaca tú riamh roimhe? Déan an tsiúlóid chéanna le píosa ceoil atá roghnaithe agat don tsuíomh sin. Cá háit ar an bhealach sin ar mhaith leat an lucht féachana a thabhairt chuici? Cad chuige? Cruthaigh rian ag úsáid ceoil, rudaí, focail do bhall ar leith den lucht féachana agus cluasáin air.

Cad é mar a d'athrófa é dá mbeadh deichniúr sa lucht féachana agus ní thiocfadh leat cluasáin a úsáid? An mbeadh a lán drámaí gairide agat? Cad é mar a nascann tú na háiteanna uilig ina stopann tú le chéile?

• **Cad é mar a chruthaíonn tú atmaisféar agus mothú ar an stáitse?**

Baineann sé leis an fhírinneacht a aimsiú i nóiméad agus a chinntiú go bhfágтар spás don lucht féachana. Caithfidh nach bhfuil sé rócháireiseach. Is féidir é a fheabhsú le fuaim, solas nó boladh. Ní mór gach nóiméad tábhachtach a shaothrú – ní mór rithim an léiriúcháin tiomáint ar aghaidh chuig na nóiméid is tábhachtaí ionas go mothaíonn an lucht féachana go bhfuil siad sábháilte ach nach bhfuil srian orthu. Ní bhíonn nóiméid chomh héifeachtach má cheannaítear go saor iad.

- **Cad é mar a chinntíonn tú go gcuireann an léiriúchán brí in iúl agus go dtéann sé i bhfeidhm ar an lucht féachana?**

Baineann sé le fairsinge a fhágáil ag an lucht féachana – ní ag dul dóibh an t-am ar fad ná freagairtí éadoimhne mothúchánacha a lorg. Ní mór go bhfuil snáithe scéil ag baint leis an léiriúchán ar fad agus tá snáithe scéil de dhíth ar gach vignette taobh istigh de sin. Thig leat a chinntiú go gcuireann taibhiú brí in iúl ach is deacra don lucht féachana gan aird a thabhairt má tá eilimintí an tionscadail d'ardchaighdeán agus má léiríonn siad tiomantas ionraic.

- **Cad é mar a bhgann tú an léiriú ón leathanach, go dtí an cleachtadh agus ansin chun an stáitse?**

Aisling chomhchoiteann a bheith againn a chuirtear in iúl do gach ball den fhoireann ag gach pointe ar an phróiseas chruthaitheach. Tá gach léiriúchán difriúil mar tá an próiseas saindeartha do na cleachtóirí atá páirteach ann agus do riachtanais an tionscadail ach is cuid an-tábhachtach na daoine 'cearta' a thabhairt le chéile. Is ón eispéreas a thagann seo. An gné eile atá tábhachtach ná am go leor a thabhairt don phróiseas – má ghiorraítear tréimhse na gcleachtaí, is bréagbharainneacht é, is gá bheith soiléir faoin scála ama a bhfuiltear ag dúil leis don léiriúchán ar bhonn rialta. Baineann sé leis an tsolúbthacht fosta – níl an próiseas cruthaitheach foirmeach, athróidh rudaí agus baineann sé leis an mhuinín a bheith agat le bheith radacach agus muinín a bheith agat as do chuid iomais.

- **Cad é mar a chuireann tú do chuid smaointe in iúl do na dearthóirí fuaime, soilsithe, seit agus feistis agus tú ag déanamh léiriúcháin?**

Ar dtús, trí ríomhphost agus ansin aghaidh ar aghaidh. Nuair is féidir, is maith liom iad an script a léamh, an suíomh a fheiceáil agus a gcuid smaointe a roinnt. Labhraím a lán faoin bhrí atá ag an tionscadal domsa, an fáth a bhfuil mé á dhéanamh, an fáth a bhfuil mé á dhéanamh anois, a ábharthacht, an áit – ndéanfar é a stáitsiú, cé air a bhfuil sé dírithe, dar liom, agus srianta an bhuiséid agus ama.

Forbraíonn tú gearscríobh le daoine a mbíonn tú ag obair leo ar bhonn rialta. Tá seo bunaithe ar a bpatrúin oibre, an teanga a úsáideann siad, an próiseas is fearr atá ag teacht lena gcuid scileanna, na rudaí is breá lena gcroí agus na rudaí a choscann a gcruthaitheacht.

Bim ag obair le réimse dearthóirí agus is é atá i gceist ná an dearthóir 'ceart' a chur ar an tionscadal cheart. Bíonn siad ag freastal ar roinnt cruinnithe roimh na cleachtaí. Roinneann siad líníochtaí agus smaointe. I ndiaidh an léamh tríd ar an chéad lá de na cleachtaí, roinneann siad a gcuid dearaí leis na haisteoirí. I ndiaidh mionathruithe a dhéanamh orthu, aontaítear ar an dearadh idéalach.

Paula Mc Fetridge (Stiúrthóir Ealaíne Chompántas Amharclannaíochta Kabosh)

Suíomh gréasáin: <http://www.kabosh.net/>

